Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**10888/25**

**LIMITE**

**CORLX 697**
**CFSP/PESC 1028**
**RELEX 869**
**COMET 40**
**COTER 113**
**FIN 775**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/386 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/386**
**lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/386 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin[1], agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L, 2024/386, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/386/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/386.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó Hamas agus ó Jiohád Ioslamach na Palaistíne, ba cheart deichniúr a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/386 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386 cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '13. | Nizar Mohammed AWADALLAH<br>ar a dtugtar freisin<br>Nizar Bin Mohammed AWADALLAH;<br>Nazar Muhammad Mahmud AWADALLAH | Dáta breithe: 11.12.1957<br>Áit bhreithe: Cathair Gaza, Gaza<br>Náisiúntacht: Palaistíneach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta na Palaistíne: 931005433<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Nizar Mohammed Awadallah ina chomhalta den Politburo ó 2009 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 14. | Mohammad NAZZAL<br>ar a dtugtar freisin<br>Muhammad Essam Rizk Abdul RAHMAN | Dáta breithe: 1963<br>Áit bhreithe: Amman, an Iordáin<br>Náisiúntacht: Iordánach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta na hIordáine: 9631022654<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas (‘Politburo’) | Tá Mohammad Nazzal ina chomhalta den Politburo ó 1996 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 15. | Husam BADRAN<br>ar a dtugtar freisin<br>Hossam BADRAN;<br>Husam Ataf Ali BADRAN;<br>Husam Atif All BADRAN;<br>Hussam BADRAN | Dáta breithe: 11.1.1966<br>Áit bhreithe: Nablus (an Bruach Thiar)<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas (‘Politburo’) | Tá Husam Badran ina chomhalta den Politburo ó 2017 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Khaled MASHAL<br>(خالد مشعل) | Dáta breithe: 28.5.1956<br>Áit bhreithe: Silwad, Ramallah (an Bruach Thiar)<br>Náisiúntacht: Palaistíneach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas | Is comhalta den Politburo é Khaled Mashal. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 17. | Khalil AL-HAYYA<br>(خليل الحية) | Dáta breithe: 1960<br>Áit bhreithe: Gaza<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas; Leas-Cheann bhiúró réigiúnach Hamas in Gaza | Tá Khalil Al-Hayya ina chomhalta den Politburo ó 2016 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 18. | Muhammad Ismail DARWISH<br>ar a dtugtar freisin<br>Abu Omar Hassan<br>(أبو عمر حسن,) | Áit bhreithe: An Liobáin<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas; Ceann chomhlacht comhairleach Hamas, Comhairle Shura | Is comhalta den Politburo é Muhammad Ismail Darwish. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 19. | Zaher JABARIN<br>(زاهر جبارين)<br>ar a dtugtar freisin<br>Zaher JABAREEN<br>(زاهر جبارين) | Dáta breithe: 18.9-1968<br>Áit bhreithe: Salfit (an Bruach Thiar)<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas; Ceann bhiúró réigiúnach Hamas ar an mBruach Thiar | Tá Zaher Jabarin ina chomhalta den Politburo ó 2021 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Abu Khalil AL-QUDS<br>أبو خليل القدس | Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Abu Khalil al-Quds ina chomhalta den Politburo ó 2021 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 21. | Fathi HAMAD<br>فتحي حماد<br>ar a dtugtar freisin<br>Fathi Ahmad HAMMAD, Fathy Ahmed HAMAD | Dáta breithe: 1961<br>Áit bhreithe: Jabaliya, Gaza<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Fathi Hamad ina chomhalta den Politburo ó 2017 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.



PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 22. | Moussa ABU MARZOUK<br>موسى أبو مرزوق<br>ar a dtugtar freisin<br>Mousa Mohammed ABU MARZOOK, Musa Abu MARZUK, Sa'id ABU-MARZUQ | Dáta breithe: 9.2.1951<br>Áit bhreithe: Gaza<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Is comhalta den Politburo é Moussa Abu Marzouk. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | +'. |

PUBLIC

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.